**Preasráiteas**

**Toghchán an Uachtaráin - Breith a Thabhairt faoi Ainmniúcháin**

Thug Barry Ryan, Ceann Comhairimh Thoghchán an Uachtaráin, Breith ar Ainmniúcháin do thoghchán an Uachtaráin a sheoladh ag 3pm tráthnóna (Dé Céadaoin an 24 Meán Fómhair, 2025) i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1. Foráiltear do bhreith ar ainmniúcháin in Acht Thoghchán an Uachtaráin 1993. Ghníomhaigh an Breitheamh Conleth Bradley ina mheasúnóir breithiúnach don rialú. Trí uair an chloig roimhe sin ag uair an mheán lae ab ea an sprioc chun glacadh le hainmniúcháin do thoghchán an Uachtaráin.

Is próiseas é breith a thabhairt faoi ainmniúcháin ina dtugann Ceann Comhairimh Thoghchán an Uachtaráin breith ar bhailíocht na bpáipéar ainmniúcháin atá faighte aige le cúpla seachtain anuas. Le linn breith a thabhairt, rinne Ceann Comhairimh Thoghchán an Uachtaráin iniúchadh ar na páipéir ainmniúcháin san ord ina bhfuarthas iad lena fhionnadh cibé ar ainmníodh na hiarratasóirí go bailí. Bhí gach ceist a bhain le hábhar duine a ainmniú ina iarrthóir - lena n-áirítear a iontaofacht - oscailte lena gcur le linn breith a thabhairt.

Fógraíodh na daoine seo a leanas a ina n-iarrthóirí atá ainmnithe sa toghchán - Catherine Connolly, Jim Gavin agus Heather Humphreys. Tá an toghchán anois curtha ar atráth ag Ceann Comhairimh Thoghchán an Uachtaráin chun críche chun vótaíocht a thógáil an 24 Deireadh Fómhair 2025 chun an chéad Uachtarán eile ar Éirinn a chinneadh. Foilseoidh sé ar láithreán gréasáin an Uachtaráin Fógra faoin Vótaíocht, mar a cheanglaítear, ar (www.presidentialelection.ie). Deimhnítear leis an bhfógra sin dáta na vótaíochta agus leagtar amach ann ainmneacha na n-iarrthóirí atá ainmnithe sa toghchán chomh maith le cur síos orthu agus an t-ord a mbeidh siad ar an bpáipéar ballóide. Cuirfear an fógra chuig cinn chomhrimh áitiúla a fhoilseoidh an fógra ina ndáilcheantar freisin mar ullmhúchán don vótaíocht sa 43 dáilcheantar.